Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7899/26**

**DENLEG 26**
**FOOD 35**
**SAN 197**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 30 Márta 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D111626/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil deilte-9-teitrihidreacannaibionóil (Δ9-THC) i nduilleoga cnáibe le haghaidh insileadh luibhe in uisce agus in insiltí duilleog cnáibe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D111626/02.

---

Faoi iamh: D111626/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/1981 D111626/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil deilte-9-teitrihidreacannaibionóil ($\Delta^9$-THC) i nduilleoga cnáibe le haghaidh insileadh luibhe in uisce agus in insiltí duilleog cnáibe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil deilte-9-teitrihidreacannaibionóil ($\Delta^9$-THC) i nduilleoga cnáibe le haghaidh insileadh luibhe in uisce agus in insiltí duilleog cnáibe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia[1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún[2] leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia.

(2) In 2015, ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (Painéal CONTAM) tuairim eolaíoch i ndáil leis na rioscaí do shláinte an duine a bhaineann le teitrihidreacannaibionól (THC) a bheith i mbainne agus i mbia eile de bhunadh ainmhíoch[3]. Tá THC, nó níos cruinne, $\Delta^9$-THC, ar an gcomhábhar is ábhartha den phlanda cnáibe *Cannabis sativa*. Shuigh Painéal CONTAM an ghéardháileog thagartha (ARfD) arb é atá inti 1 µg $\Delta^9$-THC/kg de mheáchan coirp (bw).

(3) D'fhonn tuilleadh sonraí a fháil maidir le láithreacht $\Delta^9$-THC i mbianna a dhíorthaítear ó chnáib agus i mbianna ina bhfuil cnáib nó comhábhair a dhíorthaítear ó chnáib, glacadh Moladh (AE) 2016/2115 ón gCoimisiún[4].

(4) An 7 Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil eolaíoch ina ndearnadh measúnú ar ghéarnochtadh an duine do $\Delta^9$-THC[5], agus na sonraí tarluithe a gineadh trí Mholadh (AE) 2016/2115 á gcur san áireamh ann. I meastacháin áirithe ghéarnochta, sáraíodh an ARfD 1 µg/kg bw. Maidir leis na meastacháin nochta, cé go bhfuil coinne leis go

---

[1] IO L 37, 13.2.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/315/oj.

[2] Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).

[3] European Food Safety Authority (EFSA) Journal [Iris an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)] 2015;13(6):4141

[4] Moladh (AE) 2016/2115 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2016 maidir le faireachán a dhéanamh ar láithreacht $\Delta^9$-teitrihidreacannaibionóil, a réamhtheachtaithe agus cannaibionóidigh eile i mbia (IO L 327, 2.12.2016, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2016/2115/oj).

[5] EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Arcella D, Cascio C agus Mackay K, 2020. Measúnú ar ghéarnochtadh an duine do theitrihidreacannaibionól ($\Delta^9$-THC). EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(1):5953, 41 lgh https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5953

ndéanfar rómheastachán ar mheastacháin ghéarnochta $\Delta^9$-THC san Aontas, meastar gurb ábhar imní féideartha don tsláinte é an nochtadh do $\Delta^9$-THC atá ann faoi láthair.

(5) Socraíodh uasleibhéil i ndáil le suim $\Delta^9$-THC agus $\Delta^9$-THCA, arna sloinneadh mar choibhéisí $\Delta^9$-THC, mar shíolta cnáibe agus mar tháirgí a dhíorthaítear ó shíolta cnáibe le Rialachán (AE) 2023/915 chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(6) Mar a dhearbhaítear sa Chatalóg um an stádas de Bhianna Núíosacha, toisc nach rud núíósach é insileadh duilleog cnáibe in uisce (nuair nach mbíonn barrchuid bhláfar thorthúil an phlanda leo) má thomhlaítear iad mar sin nó mar chuid d'insileadh luibhe[6] agus níl údarú sa bhreis ag teastáil ina leith de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], is iomchuí uasleibhéal a shuí i ndáil le suim an $\Delta^9$-THC agus $\Delta^9$-THCA, arna sloinneadh mar choibhéisí $\Delta^9$-THC, i nduilleoga cnáibe mar insileadh luibhe in uisce agus insiltí duilleog cnáibe (insileadh luibhe atá réidh le hól) chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(7) Ní chuirtear tomhaltas i measc naíonán agus páistí óga d'insiltí duilleog cnáibe san áireamh san uasleibhéal. Tá sé iomchuí mar sin go bhfuil foláireamh ar an lipéad nár chóir a cheadú do naíonáin agus páistí óga an t-insileadh luibhe réamh-ullmhaithe a thomhailt. Sa bhreis air sin, cuirtear san áireamh trasdul teoranta $\Delta^9$-THC agus $\Delta^9$-THCA ó na duilleoga in uisce isteach san insileadh luibhe i bhfianaise go bhfuil $\Delta^9$-THC agus $\Delta^9$-THCA de chineál lipifileach. Toisc go dtagann méadú mór ar an trasdul trí chomhábhar sailleach, cosúil le bainne nó uachtar, a chur leis na duilleoga agus iad ar maos, ní mór foláireamh a thabhairt nach bhfuil an comhábhar sailleach le cur leo ach amháin tar éis iad a bheith ar maos.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/915 a leasú dá réir sin.

(9) Chun ligean d'oibreoirí eacnamaíocha iad féin a ullmhú le haghaidh na rialacha nua i ndáil le duilleoga cnáibe don insileadh luibhe in uisce agus insiltí duilleog cnáibe (insileadh luibhe atá réidh le hól), is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach sula mbeidh na rialacha nua i bhfeidhm. Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh earraí bia ina bhfuil deilte-9-teitrihidreacannaibionól ($\Delta^9$-THC) a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

---

[6] Catalóg um an stádas de Bhianna Núíosacha https://food.ec.europa.eu/food-safety/novel-food/novel-food-status-catalogue_en.

[7] Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj).

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

‘Féadfar bianna a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh na dátaí dá dtagraítear i bpointe (a) go (t) a choinneáil ar an margadh go dtí a ndáta íosmharthanachta nó a ndáta éaga:’;

(b) cuirtear pointe (t) a leanas leis:

‘(t) An 1 Eanáir 2027, a mhéid a bhaineann leis na huasleibhéil le haghaidh suim $\Delta^9$-THC agus $\Delta^9$-THCA, arna sloinneadh mar choibhéisí $\Delta^9$-THC a leagtar amach i míreanna 2.6.4 agus 2.6.5 in Iarscríbhinn I’

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*